C/2025/5527

13.10.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12167 — LBO FRANCE GESTION / EMZ PARTNERS / HEROIKS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5527)

1. An 30 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— LBO France Gestion SAS ('LBO France', an Fhrainc), faoi rialú Robert Daussun,

— EMZ Partners SAS ('EMZ', an Fhrainc), agus

— Heroiks SAS (an Fhrainc).

Gheobhaidh LBO France agus EMZ rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Heroiks.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta bainistíochta sócmhainní é LBO France atá speisialaithe in oibríochtaí LBO (ceannach thar barr amach le giaráil). Bainistíonn sé roinnt cistí infheistíochta a infheistíonn i gcuideachtaí beaga nó meánchaipitlithe atá gníomhach i roinnt earnálacha eacnamaíocha,

— Is cuideachta bainistíochta cistí infheistíochta é EMZ arb é an t-aon ghníomhaíocht atá aige cistí EMZ a bhainistiú, a bhfuil scairshealbha díreacha nó indíreacha acu i bhfiontair mheánmhéide i dtionscadail aistrithe agus forbartha.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Heroiks: Is gníomhaireacht fógraíochta í Heroiks.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12167 — LBO FRANCE GESTION / EMZ PARTNERS / HEROIKS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË